

BILEOG STÍLE / TREOIR FAOI THAGAIRTÍ

Fiontar

A: STÍL

Bíodh gach cáipéis a thugann tú do léachtóir leagtha amach go snasta agus go proifisiúnta.

An Clúdach

Bíodh an t-eolas seo a leanas ar an gclúdach:

Uimhir agus Ainm an Mhodúil

Ainm an Léachtóra

Teideal na hOibre

Dáta na hOibre

Ainm an Mhic Léinn

Uimhir Aitheantais an Mhic Léinn

Ráiteas faoi Bhradaíl (mar atá thíos)

Dearbhú:

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don chéim _____, agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Sínithe:

Uimhir Aitheantais:

Dáta:

Leagan amach na Cáipéise

Leag an cháipéis amach go néata san aon stíl cló amháin, le stíl leanúnach sna ceanteidil &rl. Úsáid spásáil 1.5 nó spásáil dhúbailte. Cuir uimhir ar gach leathanach. Lean aon treoir eile a thugann an léachtóir duit.

B: TREOIR FAOI THAGAIRTÍ

Tá sé thar a bheith tábhachtach aon fhoinsé eolais a úsáideann tú a lua i **gceart** in aon phíosa oibre a thugann tú do léachtóir (aiste, tionscadal etc).

IS FÉIDIR TEIP IOMLÁN A THABHAIRT DO MHAC LÉINN NACH nDÉANANN É SEO, MAR GUR BRADAÍL LITEARTHÁ É.

Cloígí mar sin leis na rialacha atá i bhfeidhm go ginearálta maidir le liosta leabhar/liosta foinsí Idirlín etc. a chur le chéile.

Is é **Córas Harvard** an córas is úsáidí ach is féidir córas eile a roghnú mar atá ar fáil i gcóras LETS na leabharlainne (<http://www.library.dcu.ie/lets/index.htm>) agus sa Treoirleabhar *Citing and Referencing* atá foilsithe ag an leabharlann (<http://www.library.dcu.ie/Students/index.htm>).

1. SLEACHTA SA TÉACS

Caithfear gach ráiteas, tuairim, conclúid etc a thógtar ó shaothar údair eile a admháil, is cuma más tagairtí díreacha nó indíreacha atá i gceist. Ba cheart **foinsí a chur i lúibíní** ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

- Má tá tú ag tagairt do thuairim duine a ndearna údar cur síos air:

Sampla [tagairt indíreach]:

Creideann John Hume gur sa chomhthéacs Eorpach is fearr is féidir tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge (Gibbons, 1988: 46).

- Má luann tú ainm an údair i do théacs féin:

Sampla [tagairt indíreach]:

Dar le Coimisiún na Gaeltachta, tá an Béarla ag teacht chun cinn mar ghnáth-theanga cumarsáide i gcuid mhaith den Ghaeltacht (2002: 10)

NÓ

Sampla [tagairt dhíreach]:

Dar le Coimisiún na Gaeltachta, tá an Béarla ag teacht chun cinn mar ghnáth-theanga cumarsáide i gcuid mhaith den Ghaeltacht: I gcuid de na ceantair atá aitheanta mar cheantar Gaeltachta, tá an teanga chomh lag sin iontu gur ar éigean a d'fhéadfaí a rá gur teanga phobail í an Ghaeilge iontu ar aon bhealach réasúnta. Sna limistéir Ghaeltachta is láidre, tá an patrún dátheangach atá ag feidhmiú iontu ag tabhairt an lámh in uachtar don Bhéarla i saol an phobail agus tá úsáid an Bhéarla ag méadú iontu (2002: 10).

- Mura luann tú an t-údar ná an bhliain sa téacs [tagairt indíreach]:

Sampla:

I dtuarascáil a foilsíodh le déanaí, dúradh gur cruthaíodh suas le míle post nua sa Ghaeltacht sa bhliain 2000 (Údarás na Gaeltachta, 2001: 12).

- Nuair a bhíonn **níos mó ná leabhar amháin** in úsáid agat leis an údar céanna, déantar idirdhealú eatarthu mar seo:

Sampla:

Sna hochtóidí, má bhí náire ar mhuintir na hÉireann labhairt faoi chúrsaí gnéis, phléifeadh Gay Byrne dóibh é (O'Toole, 1990: 168). Sna nóchaidí, áfach, níor thuig an Eaglais cé chomh cumhachtach is a bhí na meáin chumarsáide (O'Toole, 1995: 132).

- Má scríobh an t-údar céanna dhá leabhar (nó níos mó) an bhliain chéanna, úsáidtear an córas seo: 1999a, 1999b, 1999c etc.

- Nuair a bhíonn **ábhar a scríobh níos mó ná údar amháin** in úsáid, déantar tagairt dó mar seo:

Sampla:

In ionad béim a chur ar infheistíocht phoiblí, dúradh gur cheart an córas cánach agus leasa shóisialaigh a athrú chun cur in aghaidh na bochtaineachta:

While public investment can play an important role in combating social exclusion, alleviating the difficulties of the disabled and promoting equal opportunities, it is not the only, or even the most important, instrument for tackling these challenges.

Problems with the distribution of resources within society are most effectively dealt with through the tax and welfare system (Fitz Gerald *et al.*, 1999: ix)

[sa chás seo, is é seo an tagairt iomlán:

Fitz Gerald, J., Kearney, I., Morgenroth, E. & Smyth, Diarmaid, 1999. *National Investment Priorities for the Period 2000-2006*. Baile Átha Cliath: Economic and Social Research Institute, Policy Research Series (33)]

• **Gnéithe eile**

Dátaí: Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 1998. Scríobh 'na caogaidí' in ionad 'na 50í'.

Uimhreacha: Ba cheart na huimhreacha níos lú ná 10 a chur i bhfoirm scríofa: 'sé theach'. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: '141 timpiste'. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar '16 faoin gcéad' sa téacs ach '16%' i aon táblaí atá in úsáid agat.

Sleachta díreacha as téacs: Ba cheart iad seo a chur taobh istigh d'uaschamóga single mar seo: 'ba dheacair féachaint ar na treoirscéimeanna thuasluaite mar shamplaí cearta d'fhorbairt iomlánaithe'. (Breathnach, 1991: 30)

Ba cheart sleachta níos faide, níos mó ná daichead focal ar fhaid, a eangú [indent].

Sa chás seo, ní úsáidtear uaschamóga:

Ní ionann forbairt cultúir fiontraíochta agus a rá go mbeidh mic léinn ag bunú comhlachtaí díreach tar éis dóibh a gcéimeanna a bhaint amach. Is é an rud a tharlaíonn de ghnáth go dtosaíonn céimithe, a bhfuil oideachas ceart fiontraíochta faighte acu, a ngnó féin idir seacht agus deich mbliana tar éis dóibh a gcéimeanna a fháil. (Fiontar, 1998: 3)

Spásáil: Ba cheart go mbeadh spásáil dhúbailte nó 1.5 in úsáid tríd an téacs ar fad. Is féidir spásáil shingil a úsáid do shleachta eangaithe (mar atá thuas) don leabharliosta agus/nó aguisíní.

2. LIOSTA FOINSÍ AG DEIREADH AN TÉACS

- Déan liosta de na foinsí ar fad a d'úsáid tú.
- Cuir na foinsí i gcatagóirí éagsúla: foinsí clóite, foinsí dlí, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse.
- Cuir sloinne gach údair/cainteora (i gcás cláir raidió nó teilifíse) roimh a (h)ainm.
- Sórtáil an liosta in ord aibítire (faoi TABLE ar an roghchlár in MS Word).

Ins na samplaí a leanas, tabhair faoi ndearadh an phoncaíocht.

2.1 Leabhair

1. Sloinne an údair mar atá sé ar an leathanach teidil, an chéad ainm (is féidir ceannlitir a chur in ionad an chéad ainm nó an dara hainm chomh maith.),
2. Bliain a fhoilsithe.
3. Teideal: Mar atá ar an leathanach teidil ach i *gcló lodáileach*. Idirstad (colon) idir an teideal agus fotheideal má tá ceann ann - is cuma cén phoncaíocht atá ar an leabhar, nó mura bhfuil aon phoncaíocht air.
4. (Eagrán murab é an chéad eagrán é).
5. An áit ar foilsíodh é:
6. An foilsitheoir.

Samplaí:

O'Donnell, Jim agus de Fréine, Seán, 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha*. Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.

Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Council of Europe, 1997. *In from the Margins: A contribution to the debate on Culture and Development in Europe*. Strasbourg: Council of Europe Publishing

2.2 Ailt i Leabhair

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.,
2. Bliain a fhoilsithe.
3. Teideal an ailt. *In:*
4. Eagarthóir/Aistritheoir (sloinne, ceannlitir.) agus eag./ed./eds. ina dhiaidh,
5. Eolas iomlán faoin leabhar mar atá thuas
6. Eagrán murab é an chéad eagrán é.
7. An áit ar foilsíodh é:
8. An foilsitheoir,
9. Uimhir/uimhreacha an leathanaigh/na leathanach ar a bhfuil an t-alt.

Samplaí: (Tabhair faoi ndearadh an foncaíocht!)

Bourke, A., 1997. Language, Stories, Healing. *In:* Brennan, P. agus de Saint Phalle, C. eag., *Arguing at the Crossroads: Essays on a Changing Ireland*. Baile Átha Cliath: New Island Books, 58-77

Cassese, S., 1981. Public Control and Corporate Efficiency. *In:* Vernon, R. agus Aharoni, Y. eag., *State-Owned Enterprise in the Western Economies*. London: Croom Helm, 145-156.

2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.,
2. Bliain a fhoilsithe.
3. Teideal an ailt.
3. Teideal na hirise/an nuachtáin *i gcló Iodáileach*,
4. Uimhir an imleabhair,
5. Uimhir an chéad leathanaigh agus an leathanaigh dheiridh den alt.

Samplaí:

Finnegan, R. B. and Wiles, J.L., 1995. The Invisible Hand or Hands Across the Water?: American Consultants and Irish Economic Policy. *Éire-Ireland: A Journal of Irish Studies*, 2, 42-55

Holland, Mary, 1997. McAleese will give wrong message to Unionists. *Irish Times*, 14 Oct., 18.

2.4 Foilseachán corparáideach nó rialtais

1. Ainm an eagrais (nó an rialtais) a d'fhoilsigh,
2. Bliain.
3. Teideal an fhoilseacháin *i gcló lodáileach*.
4. An áit ar foilsíodh é:
5. Foilsitheoir.

Samplaí:

Rialtas na hÉireann, 1997. *Report of the Tribunal of Enquiry (Dunnes Payments)*.

Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2001. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2000*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

2.5 Cláir Raidió agus Teilifíse

1. Cainteoir: Ainm agus Sloinne mar a tugadh,
2. 'Teideal an chláir',
3. Stáisiún,
4. (Dáta craolta)

Samplaí:

Paulin, Tom, 'Late Review', BBC2, (6 Nov. 1999)

Handy, Charles, 'The Open Mind', RTÉ Radio 1, (6 Nov. 1997)

Ní Dhonnchú, Bríd, 'Adhmhaidin', Raidió na Gaeltachta, (1 Márta 2002)

2.6 Agallaimh

1. Cainteoir: Sloinne agus ainm,
2. Bliain.
2. Teideal.
3. Áit inar tharla an t-agallamh,
4. Dáta an agallaimh.

Sampla:

Ní Chatháin, Méabh, 2003. Agallamh le Méabh Ní Chatháin, Bainisteoir Cumarsáide ESAT-BT, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1 Meán Fómhair 2003.

2.7 Foinsí Leictreonacha

2.7.1 Ábhar ar an Idirlíon

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.
2. *Teideal* an leathanaigh [ar-líne].
3. Áit an bhfuil an foilsitheoir lonnaithe agus ainm an fhoilsitheora (Más ann dó).
4. 'Ar fáil ag:' agus seoladh URL chomh fada le .htm
5. (An dáta ar léigh tú é)

Samplaí:

Trócaire, 1997. *Famine in North Korea* [ar-líne]. Ar fáil ag:

<http://www.trocaire.korea1.htm> (Léite 23 M.Fómh. 1997)

European Centre for Minority Issues, 2002. *Consortium of Minority Resources*

COMIR [ar-líne]. Flensburg: European Centre for Minority Issues. Ar fáil ag:

http://www.ecmi.de/doc/index_comir.html (Léite 1 Lúnasa 2002).

2.7.2 Irisí leictreonacha

1. Údar, bliain.
2. *Teideal* an ailt.
3. *Teideal* na hirise *i gcló Iodáileach* [ar-líne].
4. Uimhir, mí (más ann dó).
5. 'Ar fáil ag' agus URL chomh fada leis an deireadh.
6. (An dáta ar léigh tú é).

Sampla:

Korgen, K., Odell, P. & Schumacher, P., 2001. Internet Use Among College Students: Are There Differences By Race/ethnicity? *Electronic Journal of Sociology* [ar-líne], 5 (3), Márta. Ar fáil ag:

<http://www.sociology.org/content/vol005.003/korgen.html> (Léite 12 Iúil 2002).

2.7.3 Teachtaireachtaí ríomhphoist

1. Seoltóir (seoladh an duine a sheol an ríomhphost), Lá Mí Bliain.
2. Ábhar na teachtaireachta.
3. 'Ríomhphost chuig' ainm an duine ar sheol tú an teachtaireacht chuige
4. (Seoladh ríomhphoist an duine eile).

Sampla:

Walsh, John (John.Walsh@dcu.ie), 21 Meán Fómhair 2001. Ábhar: Questions from John Walsh, Dublin City University re. Muintearas na nOileán, Ireland. Ríomhphost chuig Fred Wood (fwood@savechildren.org)

2.7.4 Dlúthdhioscaí/Fístéipeanna/Dioscaí

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.

2. *Teideal* [An cineál meáin]. (An t-eagrán)
3. An áit ar foilsíodh é: Ainm an fhoilsitheora (Más ann dó)
4. Ar fáil ó: Soláthraí
5. (An dáta ar ar léigh tú é)

Sampla:

Hawking, S.W., 1994. *A Brief History of Time: an interactive adventure* [CD-ROM].
Crunch Media (Léite 23 M. Fómh. 1997)

BREIS EOLAIS

Moltar go láidir daoibh na háiseanna seo a leanas atá ar fáil sa leabharlann a úsáid.

An Córas LETS: DCU Library E-Tutorial for Students

www.library.dcu.ie/lets/index.htm

An Leabhrán *Citing and Referencing: A Guide for Students*

www.library.dcu.ie/Students/index.htm